



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 – Scéim Teanga

2021 - 2024



Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	4
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	5
2.1 Misean agus Aidhmeanna	5
<i>Faoin gCoimisiún</i>	5
<i>Fís</i>	5
<i>Misean</i>	5
2.2 Príomhfheidhmeanna	6
2.3 Príomhsheirbhísí	6
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	6
Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fail i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach	7
Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge	9
Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht	17
Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge	18
6.1 Earcaíocht	18
6.2 Oiliúint agus Forbairt	18
6.3 Poist Shainithe Ghaeilge	20
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	21
Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe	22



Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- Trí mheán na Gaeilge,
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- An leibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- An tábacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- Acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airegeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Tá an scéim seo curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.



Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo, bhí an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim daingnithe ar an ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tosaíonn sí le héifeacht ó 24 Bealtaine agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

2.1 Misean agus Aidhmeanna

Faoin gCoimisiún

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an Coimisiún) foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus um an gcomhionannas. Is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha sa Stát.

Bunaíodh an Coimisiún ar 01 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí neamhspleách le sainordú faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (an tAcht fán gCoimisiún, 2014). Tugtar réimse cumhachtaí reachtúla don Choimisiún faoin Acht fán gCoimisiún, 2014 chun cearta an duine agus comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn.

Sonraítear san Acht fán gCoimisiún, 2014 go gcuimseofar sa Choimisiún líon nach mó ná 15 chomhalta agus nach lú ná 12 chomhalta, agus go mbeidh Príomh-Choimisinéir an Choimisiúin ar dhuine de na comhaltaí sin. Ceapadh forálacha an Achta fán gCoimisiún, 2014 chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an Ceann Stáit, an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh rún in dhá Theach an Oireachtais agus cinneann na comhaltaí beartas agus gníomhaíocht an Choimisiúin go neamhspleách.

Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas “A” mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

Fís

Éire chuimsitheach ina léirítear meas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, ina gcuirtear chun cinn iad agus ina mbaintear amach iad do gach duine, i ngach áit.

Misean

Sochaí cothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Leagtar amach in alt 10 (1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 feidhmeanna foriomlána an Choimisiúin, eadhon:

- cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint,
- cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas, agus tuiscint idirchultúrtha sa Stát a spreagadh agus a fhorbairt,
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus comhionannais sa Stát,
- dea-chleachtas a spreagadh i gcaidreamh idirchultúrtha, chun caoinfhulaingt agus glacadh le héagsúlacht a chur chun cinn sa Stát mar aon le meas ar shaoirse agus dínit gach duine, agus
- oibriú i dtreo mí-úsáid a bhaint as cearta an duine, idirdhealú agus iompar toirmisceithe a dhíbirt.

Leagtar amach in alt 10(2) den Acht réimse leathan feidhmeanna agus cumhachtaí sonracha trínar féidir leis an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar shainordú foriomlán.

2.3 Príomhsheirbhísí

- Seirbhís Eolais Do Chearta

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Is féidir leis an seirbhís Do Chearta eolas a thabhairt don phobail, faoi chearta agus réitigh atá ar fáil faoin dlí um chomhionannas agus cearta an duine in Éirinn. Áirítear leis sin eolas faoi idirdhealú san áit oibre, idirdhealú maidir le hearraí agus le seirbhísí, idirdhealú maidir le hoideachas agus cosaintí ar chearta an duine a thagann faoi dhlí na hÉireann.



Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fail i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Soláthar Seirbhísí			
Ainm na Seirbhíse	As Béarla amháin	As Gaeilge amháin	Go Dátheangach
Líne Ghutháin			X
An tSeirbhís 'Do Chearta'	X		
Feidhm Fáilteachais	X		
Cúnamh Dlí	X		
Seirbhísí Corparáideacha			X
Suíomh gréasáin (www.ihrec.ie)			Tá an t-ábhar statach ar fáil i nGaeilge faoi láthair.
Admháil agus freagra ar chomhfhreagras			X
Comhairliúcháin Phoiblí	X		Bíonn líon teoranta Comhairliúcháin Phoiblí ar bun i nGaeilge agus i mBéarla.
Ceardlanna nó oiliúint a sholáthar	X		
For-rochtain le Páirtithe Leasmhara	X		
Cáipéisí Beartais	X		
Ráiteas Straitéise			X
Tuarascálacha Bliantúla			X



Soláthar Seirbhísí

Ainm na Seirbhíse	As Béarla amháin	As Gaeilge amháin	Go Dátheangach
Preaseisiúintí	X		Eisítear 20% de na preaseisiúintí go dátheangach.

Soláthar Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta

Ainm na Seirbhíse	As Béarla amháin	As Gaeilge amháin	Go Dátheangach
Ní chuireann an Coimisiún seirbhísí sonracha ar fáil do cheantair Ghaeltachta.			



Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Fógraí Réamhthairfeadta ó Bhéal		<p>Beidh na fógraí réamhthairfeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:</p> <p>(a) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;</p> <p>(b) Cuirfear fógraí tairfeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;</p> <p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘tairfeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfear an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí tairfeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon.</p>	Éigeantach



Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanas	
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Post Leictreonach	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaí	Comharthaí	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann an Coimisiún in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin/Cora Poist	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach



Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi gach seirbhís:

Modh cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	Sceideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3
Cumarsáid ó Bhéal/i Scríbhinn	Fáiltiú/ Fáilteachas	<p>Tabharfar liosta cothrom le dáta d'fhoireann an fháiltithe de chomhaltaí foirne atá in ann seirbhís as Gaeilge a chur ar fáil.</p> <p>Más mian le duine den phobal labhairt le duine as Gaeilge, rachaidh foireann an fháiltithe i dteagmháil leis an duine cuí.</p> <p>Beidh cur amach ag comhaltaí foirne ar bheannachtaí simplí Gaeilge.</p>	<p>Go leanúnach</p> <p>Go leanúnach</p> <p>Go leanúnach</p>
	An Lasc-Chlár	Beidh cur amach ag comhaltaí foirne ar bheannachtaí simplí Gaeilge agus aistroidh siad an glaoch chuig comhalta foirne ag a bhfuil Gaeilge.	Go leanúnach
	Cumarsáid ar an nGuthán leis an bpobal	<p>Tairgtear oiliúint Ghaeilge do na comhaltaí foirne a bhíonn ag obair ar na línte gutháin chun a chinntiú go bhfuil siad in ann beannú do ghlaiteoirí i nGaeilge.</p> <p>Freagróidh na comhaltaí foirne an guthán i nGaeilge agus i mBéarla.</p>	<p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 3</p>
	Fógairtí Taifeadta Béil	Tá an teachtaireacht taobh amuigh d'uaireanta gnó ar gach líne ghutháin i nGaeilge agus i mBéarla.	Go leanúnach



Modh cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	Sceideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3
		Cuirtear na roghchláir ar gach líne ghutháin de chuid an Choimisiúin ar fáil go dátheangach.	Go leanúnach
	Fógairtí Beo	Ní bhaineann an Coimisiún leas as fógairtí beo, ach má bhíonn siad ar fáil mar sheirbhís amach anseo, cinnteoidimid go gcomhlíontar an reachtaíocht.	De réir mar is gá
	Comhfhreagras	Tabharfaimid le fios go soiléir do na custaiméirí agus do pháirtithe leasmhara eile go gcuireann an Coimisiún fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.	Faoi dheireadh Bhliain 1
	Bileoga Eolais/ Bróisiúir	Tá na bileoga eolais agus na póstaer is mó a úsáidtear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.	Go leanúnach
	Foirmeacha Iarratais	Cuirfear na foirmeacha iarratais ar fad ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.	Go leanúnach
	Eile	Fógrófar comhairliúcháin phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla.	Go leanúnach
Na Meáin	Preaseisiúintí	Eisimid 20% de na preaseisiúintí go dátheangach agus go comhuaineach faoi láthair, agus leanfar leis an nósmaireacht sin. Tabharfaimid tiomantas do thógáil ar a bhfuil thuas agus 22.5% de na preaseisiúintí a eisiúint go dátheangach agus go comhuaineach faoi Bhliain 2 den scéim seo, agus 25% faoi Bhliain 3.	20% – Leanúnach 22.5% – Bliain 2 25% – Bliain 3



Modh cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	Scideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3
	Nuachtlitreacha	Soláthraítear 20% dár Nuachtlitir i nGaeilge faoi láthair. Leanfaimid ag foilsiú ailt Ghaeilge ar ár Nuachtlitir agus méadóimid an t-ábhar iomlán go 25% i mBliain 2 den scéim seo agus go 30% i mBliain 3.	Go leanúnach 25% – Bliain 2 30% – Bliain 3
	Urlabhraithe do na meáin	Tá comhalta foirne ar fáil le plé leis na meáin Ghaeilge nuair is gá.	I bhfeidhm
	Óráidí	Cuirfear óráidí ar fáil sa teanga nó sna teangacha inar tugadh iad.	Go leanúnach
	Fógraíocht	Cuirfear fógraíocht statach faoin spéir thar ceann an Coimisiúin ar fáil go dátheangach.	Faoi dheireadh Bhliain 3
	Na Meáin Shóisialta	Ar Twitter, déantar 10% de na teachtaireachtaí a tvuíteáil go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla. Ardóidh sé sin go 12.5% sa dara bliain den scéim agus go 15% sa tríú bliain den scéim. Ar Instagram, déanfar 5% de na postálacha go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla. Ardóidh sé sin go 7.5% i mBliain 2 agus go 10% i mBliain 3 den scéim seo.	10% – Leanúnach 12.5% – Bliain 2 15% – Bliain 3 5% – Bliain 1 7.5% – Bliain 2 10% – Bliain 3
Teicneolaíocht Faisnéise	Ríomhphost	Cuirtear an séanadh ríomhphoist agus na sonraí teagmhála ar fáil go dátheangach ar gach síneadh ríomhphoist.	Go leanúnach



Modh cumarsáide leis an bpobal	Tiomantas	Sceideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3	
		<p>Faoi dheireadh Bhliain 1, cuirtear an grád agus ainm na foirne ar fáil go dátheangach ar gach síneadh ríomhphoist freisin.</p> <p>Nuashonrófar sínte ríomhphoist chun líne a chur leo a mhíníonn gur féidir Gaeilge a úsáid leis an gcomhalta foirne sin.</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 1, molfaimid don fhoireann gur cheart gach comhfhreagras ar ríomhphost a oscailt agus a dhúnadh i nGaeilge nuair is féidir (.i. A Chara/A Chairde/Le Meas, srl.), fiú nuair a bhíonn an chuid eile den ríomhphost i mBéarla.</p> <p>Cuirfear teachtaireachtaí As Oifig nó Uathfhreagraí ar fáil go dátheangach ar gach bosca ríomhphoist.</p> <p>Seolann an Coimisiún freagra i nGaeilge ar aon ríomhphost a fhaightear i nGaeilge de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla.</p> <p>Tá seoladh ríomhphoist i bhfeidhm chun dul i ngleic le haon cheist a chuirtear chuig ‘Do Chearta’ i nGaeilge – cearta@ihrec.ie</p>	<p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Go leanúnach</p> <p>Go leanúnach</p>



Modh cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	Sceideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3
	Suíomh gréasáin	<p>Cuirfear an t-eolas statach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ar fáil go dátheangach ar na croíleathanaigh lamairne.</p> <p>Cuirfear tiomantas i bhfeidhm chun rannóg nua ‘Do Chearta’ ar an suíomh gréasáin a aistriú. Is rannóg eolais idirghníomhach a phléann leis an bpobal iad na leathanaigh ‘Do Chearta’ agus is cuid mhór dár leathanaigh statacha iad.</p> <p>Cuirfear nós imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar an eolas sin agus go gcothaítear é chun a chinntiú go bhfuil an t-ábhar agus na naisc Ghaeilge comhsheasmhach lena macasamhail i mBéarla.</p> <p>Tá rogha teangacha ar fáil ar leathanach tosaigh an tsuímh gréasáin.</p> <p>Cuirfear rogha chun athrú idir na teangacha ar leathanaigh statacha an tsuímh gréasáin ionas gur féidir aistriú idir na leaganacha Gaeilge agus Béarla.</p>	<p>I bhfeidhm agus Go leanúnach</p> <p>Bliain 2</p> <p>Go leanúnach</p> <p>I bhfeidhm Go leanúnach</p>
	Córais Ríomhaireachta	Beidh aon chóras nua ríomhaireachta a shuiteálfar in ann an Ghaeilge a úsáid.	Go leanúnach
	Seirbhísí Idirghníomhacha	Níl aon seirbhís idirghníomhach ag an gCoimisiún faoi láthair. Tabharfar aon seirbhís	De réir mar is gá



Modh cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	Sceideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3
		idirghníomhach nua isteach sa dá theanga nuair is cuí.	
An Ghaeltacht	Cruinnithe	Reáchtálfar cruinnithe sa Ghaeltacht go dátheangach agus cuirfear an cháipéisíocht ar fad ar fáil go dátheangach agus go comhuaineach.	De réir mar is gá
	Logainmneacha	Úsáidfídh an Coimisiún logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Go leanúnach



Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht

Ag feabhsú soláthar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta agus ag cinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge in oifigí suite sa Ghaeltacht faoi dháta áirithe.

Gealltanais sa Ghaeltacht		
Cur síos ar na seirbhísí sa Ghaeltacht	Gealltanais	Amlíne Laistigh de Bl. 1 / Bl.2 / Bl. 3
Ní chuirimid seirbhísí ar fail go díreach chuig ceantair Ghaeltachta.	Cinnteoídh an Choimisiún gur i nGaeilge a dhéanfaí aon teagmháil dá dtarlódh sin.	Leanúnanch
	Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Leanúnach

An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht	
Gealltanais	Amlíne Laistigh de Bl. 1 / Bl.2 / Bl. 3
Níl aon oifig ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas sna ceantair Ghaeltachta.	



Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair Comisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tiomanta deiseanna a chur ar fail don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Tiomantas	Sceideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3
Cumas Gaeilge a Fheabhsú	Earcaíocht	Spreagfaidh an Coimisiún fostú comhaltaí foirne nua ag a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge.	Go leanúnach
		Fógrófar folúntais sa Choimisiún i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh an t-eolas ar fad d'iarratasóirí ar fáil sa dá theanga.	Go leanúnach
		Féachfaidh an Coimisiún le beirt oifigeach a fhostú ón Sruth Gaeilge chun Seirbhís Fáilteachais agus 'Do Chearta' a chlúdach. Má	Faoi dheireadh Bhliain 2 – Seirbhís 'Do Chearta'



	Tiomantas	Sceideal faoi dheireadh Bl. 1/Bl. 2/Bl. 3	
	<p>thagann folúntais chun cinn i réimsí eile, breithneofar earcú tríd an Sruth Gaeilge de réir mar is gá.</p> <p>Tabharfaidh an Coimisiún cóip den Scéim Teanga do chomhaltaí foirne nua mar chuid dá bpaca ionductúcháin.</p>	<p>Faoi dheireadh Bhliain 3 – Feidhm Fáilteachais</p> <p>Go leanúnach</p>	
	<p>Oiliúint</p>	<p>Soláthraítear deiseanna oiliúna agus forbartha Gaeilge don fhoireann.</p>	<p>Go leanúnach</p>
	<p>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn</p>	<p>Spreagfar an fhoireann le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha teanga. Scaipfear eolas faoi na gníomhaíochtaí agus cuirfear ar fáil don fhoireann é.</p> <p>Faoi Bhliain 2, déanfar iarracht ar leith Seachtain na Gaeilge a chur chun cinn.</p> <p>Soláthrófar ceardlanna neamhfhoirmiúla, seimineáir eolais agus oiliúint don fhoireann chun úsáid na Gaeilge a spreagadh.</p>	<p>Go leanúnach</p> <p>Faoi Bhliain 2</p>
	<p>Soláthar acmhainní</p>	<p>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós teanglann.ie, téarma.ie agus foclóir.ie.</p>	<p>Go leanúnach</p>



6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar phobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí

Teideal an Phoist	Láthair	Pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfreastalaítear	Tabhair le fios cén Caighdeán Gaeilge a theastaíonn (Bunúsach, Idirmheánach Nó Ardchaighdeán)
Feidhm Fáilteachais/Fáilteoir	16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7	Níl aon cheann sonracha i gceist. Freastalóidh an post ar an ngnáthphobal.	Bunúsach/Idirmheánach
Oifigeach ‘Do Chearta’	16–22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7	Níl aon cheann sonracha i gceist. Freastalóidh an post ar an ngnáthphobal.	Idirmheánach/Ardchaighdeán



Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an lucht ardbhainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta.

Is í Fern Ní Shíoradáin an teagmhálaí don scéim, R-phost: info@ihrec.ie.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.



Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- Na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- Cuirfimid in iúl ar threoirínite, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- Tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.